C/2025/439

15.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/439)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Cornas'

PDO-FR-A0697-AM02

Dáta na teachtaireachta: 16.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Modhanna fáis

Rinneadh Caibidil I, Roinn VI, den tsonraíocht táirge, dar teideal 'Leagan amach fíonghort', le haghaidh an ainmniúcháin 'Cornas' a fhorlíonadh chun riail agra-chomhshaoil a chur isteach maidir le saintréithe chomhshaol fisiceach agus bitheolaíoch an *terroir* a chaomhnú:

— Toirmisctear rialú fiailí, seachas rialú meicniúil fiailí, ar chinn tíre agus ar fhánaí.

Cuireadh an fhoráil leis an doiciméad aonair sa roinn dar teideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

2. Rialacha maidir le treilísiú

Rinneadh Caibidil I, Roinn XI den tsonraíocht táirge, dar teideal 'Bearta idirthréimhseacha', le haghaidh an ainmniúcháin 'Cornas', a leasú chun foráil idirthréimhseach a bhaint, ar foráil í atá as dáta anois, ar choinníoll go mbeadh feidhm ag na rialacha maidir le treilísiú, airde duilliúir agus airde cuaillí maidir le dáileachtaí fíonghoirt a bhí i bhfeidhm ón 31 Iúil 2009 ó bhuaint 2016.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Lipéadú

Déantar Caibidil I, Roinn XII, den tsonraíocht táirge, dar teideal 'Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú', le haghaidh an ainmniúcháin 'Cornas', a fhorlíonadh faoi phointe 2 dar teideal 'Forálacha speisialta' chun rialacha lipéadaithe a chur isteach le haghaidh tagairtí don aonad geografach níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' mar a leagtar amach sa chomhaontú idir na comhlachtaí ábhartha cosanta agus bainistithe. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith le feiceáil sa réimse amhairc céanna leis na sonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den dearadh grafach agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sa doiciméad aonair sa roinn dar teideal 'Coinníollacha breise — Lipéadú'.

4. Ceanglais maidir le dearbhú

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán 'Cornas' cothrom le dáta: cuireadh oibleagáidí le haghaidh oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta le haghaidh an ainmniúcháin.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Tugadh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge dar teideal ‘Tagairt don chomhlacht cigireachta’ cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus nach mór iad a bheith déanta ag comhlacht tríú páirtí arna tharmligean ag INAO agus a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Cornas

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní féidir ainmniúchán tionscnaimh ‘Cornas’ a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta dearga socra.

Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte.

Ag céim na pacála, tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir ag na fíonta.

Ní ceadmhach méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) na bhfíonta ag céim na pacála a bheith níos mó ná:

— 3 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta a bhfuil a neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 13,5 % nó cothrom acu;

— 4 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta ar mó ná 13,5 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte.

Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %.

Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos méid na haigéadachta iomláine, méid na haigéadachta luainí nuair nach sonraítear sin agus méid iomlán na dé-ocsaíde sulfair.

Is fíonta dearga amháin iad na fíonta. I measc na bhfíonta uile a bhfuil ainmniúchán faoi chosaint acu ó Ghleann thuaidh Rhône, ar a dtugtar ‘Côtes du Rhône septentrionales’, is é ‘Cornas’ an t-aon cheann a tháirgtear go heisiach ón gcineál fíonchaor Syrah N.

Bíonn dath an-dorcha ar na fíonta sa raon idir dhearg an ghairnéid agus dath dubh nach mór, agus ag dul i dtreo imireacha ómra tar éis an aosaithe. Fuinniúil agus tathagach, is fearr a bhíonn na fíonta tar éis tréimhse fhada aosaithe. Mar gheall ar a struchtúr láidir, is minic a thugtar ‘fíonta fuinniúla’ orthu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh fáis

— Is é 4 400 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha.

— Is é 2,30 méadar cearnach an t-achar uasta atá ar fáil do gach planda. Ríomhtar an t-achar sin tríd an bhfad idir sraitheanna agus an spás idir plandaí sa tsraith chéanna a iolrú.

— Ní ceadmhach an spásáil idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus ocht mbachlóg ar a mhéad ann in aghaidh an phlanda, agus úsáid á baint as na teicnící seo a leanas:

— prúnáil spoir (cuachphrúnáil, Royat agus géag amháin nó dhá ghéag á úsáid);

— Guyot singil nó dúbailte.

Is é 0,60 méadar uasairde an tródaim, arna thomhas ón talamh aníos go dtí an chuid íochtarach den fhráma adhmaid.

— Is as fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta. Iompraítear na triopaill fíonchaor ina n-iomláine chuig an suíomh fíonóireachta.

Ón 1 Eanáir 2020, ní mór cóireáil uisce the nó aon chóireáil eile in aghaidh *flavescence dorée* arna haithint ag an Aireacht Talmhaíochta a bheith déanta ar gach ábhar plandúil a úsáidtear le haghaidh planduithe agus athphlanduithe fíniúnacha.

— Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 1 Feabhra, ní mór fásra ó nádúr a bhainistiú tríd an ithir a chasadh nó trí threalamh a úsáid lena gcumasaítear táirgí cóireála a dhíriú ar shuíomhanna beachta.

— Toirmisctear mótú plaisteach.

— Toirmisctear rialú fiailí, seachas rialú meicniúil fiailí, ar chinn tíre agus ar fhánaí.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuain na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C.

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta seo na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 46 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar agus forbraítear na fíonta i mbardas Cornas, roinn Ardèche, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil amhail an 1 Eanáir 2019.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Syrah N - Shiraz

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

I gcóras ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe ghleann Rhône, is le 'Cornas' an aicme fíonta 'Crus des Côtes du Rhône'.

Maidir le hainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó ghleann tuaisceartach Rhône, is é 'Cornas' an t-ainmniúchán is faide ó dheas i limistéar 'Côtes du Rhône' le haghaidh fíonta dearga a tháirgeadh.

Tá na fíonghoirt suite ar bhruach deas Abhainn an Rhône, agus aghaidh acu ar chathair Valence, idir limistéir gheografacha ainmniúcháin 'Saint-Péray' agus 'Saint-Joseph'.

Is éard atá sa limistéar geografach iomlán bardas Cornas, i roinn Ardèche.

Tá limistéar geografach 'Cornas' ina ghleann a bhfuil déanamh amfaitéatair air, agus, go bunúsach, is ithreacha eibhreacha atá ann. Tá sé dea-nochta, te agus cosanta ar na gaotha, tá fánaí léibheannacha ann agus tacaíocht acu ó bhallaí ísle a tógadh go foighneach i gcaitheamh na mblianta ag pobal fíonsaothrúcháin a leanann dá gcoinneáil ar bun chun acmhainneacht táirgthe a bhfíonghort agus tírdhreach na bhfíniúnacha iad féin a chaomhnú.

Cabhraíonn an traidisiún a bhaineann le fíonchaora a bhuain de láimh, ar traidisiún é a seasann saothróirí fíona 'Cornas' fós leis, le húrnuacht agus le saintréithe na bhfíonghort seo ar thaobh na gcnoc a chaomhnú.

Ciallaíonn 'Cornas', arb é ainm an bhardais é, agus arb é ainm an fhíona chomh maith, 'talamh dóite' sa Cheiltis agus d'fhéadfadh sé sin a bheith nasctha lena mhéisea-aeráid. Tá na dálaí aeráide caoin, rud a fhágann go n-aibíonn na fíonchaora go luath. Míníonn sé sin cén fáth a dtosaíonn buaint fíonchaor 'Cornas' go minic seachtain amháin níos luaithe ná mar a tharlaíonn i gcás ainmniúchán tionscnaimh 'Hermitage' cé nach bhfuil sé suite ach 12 chiliméadar níos faide ó dheas.

Mar thoradh ar na dálaí nádúrtha sin, agus iad á nglacadh le chéile, ligeadh do chineál Syrah N bisiú anseo agus a bheith ina shuaitheantas de chuid na críche seo, cé go bhfuil sé tar éis leathadh isteach i réigiúin eile. Aibíonn na fíonchaora, a fhástar ar dháileachtaí dea-shainithe, go luath agus táirgeann siad fíonta fuinniúla ar saintréith dá gcuid é a ndath dubh, agus flúirse tainniní iontu cé gur tainníní boga iad, agus dea-bholaithe cumhachtacha acu mar aon le struchtúr a fhágann go bhfuil siad oiriúnach d'aosú. Aithnítear a gcáilíocht ar fud an domhain agus tá moladh tuillte acu dá bharr sin thar na céadta bliain, mar is léir ó líon mór doiciméad stairiúil.

Is ar fhíon dearg amháin a bhunaigh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Cornas' a cháil, i gcomhthráth le 'Saint-Péray', ar ainmniúchán tionscnaimh comharsanachta é nach gcumhdaíonn ach fíon geal amháin.

Seachas a thréithe orgánaileipteacha, méid beag an limistéir fíonsaothrúcháin agus an aeráid, tá a chéannacht agus a úrnuacht tuilte ag 'Cornas' freisin ó aonfhoirmeacht áirithe (bardas aonair, cineál fíniúna aonair a fhásann ar ithreacha eibhreacha go bunúsach).

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

(a) Féadfar eintiteas geografach níos lú a shonrú ar lipéadú fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh 'Cornas', ar choinníoll:

— gur suíomh cláraithe é;

— go bhfuil sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

(b) Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Cru des Côtes du Rhône' nó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéadú fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh 'Cornas'. Tá na coinníollacha maidir leis an aonad geografach níos mó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a úsáid leagtha amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí éagsúla cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith le feiceáil sa réimse amhairc céanna leis na sonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den dearadh grafach agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá an limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú, chun na fíonta a dhéanamh comhdhéanta de chríoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil amhail an 1 Eanáir 2019:

— Roinn Ardèche: Alboussière, Andance, Ardoix, Arlebosc, Arras-sur-Rhône, Boffres, Bogy, Champagne, Champis, Charmes-sur-Rhône, Charnas, Châteaubourg, Cheminas, Colombier-le-Cardinal, Eclassan, Etables, Félines, Gilhac-et-Bruzac, Glun, Guilherand-Granges, Lemps, Limony, Mauves, Ozon, Peaugres, Peyraud, Plats, Quintenas, Saint-Barthélemy-le-Plain, Saint-Cyr, Saint-Georges-les-Bains, Saint-Romain-d'Ay, Saint-Romain-de-Lerps, Sarras, Sécheras, Serrières, Saint-Désirat, Saint-Etienne-de-Valoux, Saint-Jean-de-Muzols, Saint-Péray, Soyons, Talencieux, Thorrenc, Toulaud, Tournon-sur-Rhône, Vernosc-lès-Annonay, Vinzieux, Vion;

— Roinn Drôme: Albon, Andancette, Beaumont-Monteux, Beausemblant, Bourg-lès-Valence, Chanos-Curson, Chantemerle-les-Blés, Châteauneuf-sur-Isère, Chavannes, Clérieux, Crozes-Hermitage, Erôme, Gervans, Granges-les-Beaumont, Larnage, Laveyron, Mercurol-Veaunes, La Motte-de-Galaure, Ponsas, Pont-de-l'Isère, La Roche-de-Glun, Saint-Barthélemy-de-Vals, Saint-Donat-sur-l'Herbasse, Saint-Rambert-d'Albon, Saint-Uze, Saint-Vallier, Serves-sur-Rhône, Tain-l'Hermitage, Triors, Valence;

Ar lean.....Limistéar díreach in aice laimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Le-Péage-de-Roussillon, Reventin-Vaugris, Les Roches-de-Condrieu, Sablons, Saint-Alban-du-Rhône, Saint-Clair-du-Rhône, Saint-Maurice-l'Exil, Salaise-sur-Sanne, Seyssuel, Vienne;

— Roinn Loire: Bessey, La Chapelle-Villars, Chavanay, Chuyer, Lupé, Maclas, Malleval, Pélussin, Roisey, Saint-Michel-sur-Rhône, Saint-Pierre-de-Bœuf, Saint-Romain-en-Jarez, Vérin;

— Roinn Rhône: Ampuis, Condrieu, Les Haies, Loire-sur-Rhône, Longes, Saint-Cyr-sur-le-Rhône, Saint-Romain-en-Gal, Sainte-Colombe, Tupin-et-Semons.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-82bbd754-fa64-4042-a458-948a4465737b